Tuatha Dé Danann

Seilbh Inse Fódla

DIARMUID JOHNSON

LEABHAR BREAC

An Chéad Eagrán 2018
© Diarmuid Johnson 2018

ISBN 978-1-911363-20-0

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus pictiúr clúdaigh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

Foras na Gaeilge
Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
www.leabharbreac.com

LIOSTA AINMNEACHA

Tuatha Dé Danann
An Daghda – an flaith buan, Eochaidh Ollathair
Nuadha mac Eachaigh – an rí lena linn
Oghma – an tréanfhear
Lugh Lámhfhada mac Céin mhic Cáinte – an tIldánach
Aonghas an Bhrú – an Mac Óg
Dianchéacht – an lia
Gobhainn – an gabha
Cian mac Cáinte – athair Lugha
Clann Tuireann, Uar agus Uachar agus Iucharba – lucht feallmharaithe Chéin
Cairbre – draoi
Badhbh, Macha agus Mór-Ríon – triúr banscáil
Eireach Lí – máthair Bhreasa mhic Deilbhe
Modhain – muicí
Craiftine – cruitire
Créidhne Ceárdaí
Luchta mac Luachad — Luchta saor

Na Fir Bolg
Eochaidh mac Earc – an rí
Ceasard – draoi
Sreang mac Seangann – tréanfhear

Na Fomhóraigh
Eolchaoin Deilbhe – an rí
Breas mac Deilbhe – mac Eolchaoin
Balar ua Néid – seanathair Lugh agus tiarna Inse Fomhórach
Ceithlinn Chroisfhiaclach – céile Bhalair
Ungán mac Balair – mac Bhalair agus Cheithlinn
Eithne iníon Bhalair – máthair Lugha

Tuatha Dé Danann
Seilbh Inse Fódla
Toraigh
ULAIDH
Gleann Aitinne
Loch Éirne
AN BHRÉIFNE
Eas Dara
Loch Conn
Maigh Tuireadh
Acaill
CONNACHTA
Teamhair
AN MHÍ
Cuan Mó
Inbhear Colptha
Sliabh Bealgata
Inis Bó Finne
Sí Chruachan
Sí Bhrí Léith
Sí an Bhrú
Conga
Loch Oirbsean
Loch Lurgan
Árainn
LAIGHIN
Sí Feamhain
Sí na mBan Fionn
AN MHUMHAIN
Eochaill
Inbhear Scéine

I

Críochghabháil

Rí fírinneach flaithiúil a bhí ar na Fir Bolg in Inis Fódla fadó darbh ainm Eochaidh mac Earc. Agus le linn na haimsire sin, is é Eochaidh agus a chine féin a bhí i réim ar dhá thaobh na Sionainne síorlíofa ó Loch Lurgan go bun na Bóinne, agus ós rí gan mháchail gan mhilleán a bhí ann, bhí rath agus séan ar an tír lena ré.

Ach oíche d'oícheanta spéirghealaí an tsaoil, bhí aisling ag Eochaidh a chuir an mearbhall meanman agus an imní aigne air ionas gur mhúscail sé go rag righin as a shuan. D'éirigh sé aniar ar an tocht leapan a bhí faoi, d'fhéach an spéir néalghlan tríd an bhforléas a bhí os a chionn sa rí-bhoth róbhreá, agus chuir fios gan mhoill ar an draoi eolais a bhí sa dún sin. Is gearr gur tháinig Ceasard.

'Ealta mór éan a taibhríodh dom,' arsa Eochaidh leis, 'iad ag teacht chugainn thar muir anall go cuanta crannacha na hÉireann; creachadh an fearann leo, agus chuir siad buaireamh is bagairt ar thír is ar thalamh. Agus d'éirigh duine de laochra móra na

tuaithe seo gur bhain sé leathsciathán den éan ab áille díobh de bhéim mhór claímh. Téigh i muinín do chuid feasa anois, a Cheasaird, agus bain meabhair agus míniú as an aisling sin domsa más féidir sin.'

Is ansin a chuaigh an draoi i muinín a chuid feasa gur foilsíodh dó brí is fios na haislinge ar lom na hadharta agus ar leic an eolais. D'fhill sé ar bhoth an rí, agus chan sé an fios sin dó go glé:

> Scéal liom daoibh, fir thar muir
> Míle laoch ag triall thar lear.
> Báid bhreaca, bás gleice
> Maidhm catha, greim bratha.

Is tinn tostach a bhí Eochaidh i ndiaidh rosc an draoi. Chas sé dlaoi dá fhéasóg faoina mhéar agus lig sé osna.

'Sin fáistine go bhfuil namhaid chugainn ó chríocha i gcéin,' ar sé.

B'fhíor sin. De réir mar a bhí Ceasard Draoi ag foilsiú fios na haislinge don rí, bhí Tuatha Dé Danann ag síothlú thar toinn aduaidh.

Roimh theacht go hÉirinn do Thuatha Dé Danann, bhí cian aimsire caite acu ag foghlaim draíochta is feasa i dtuaisceart na cruinne. Agus ní raibh a sárú i seacht gcríocha na seandachta ar cheird an eolais, ar

bhrí na ndán, ná ar stuaim a lámh. Bhí cheithre dhún ann a mbidís ag cleachtadh a gcuid ealaíne iontu — Dún na Mara, Dún Fionn, Dún Fáil agus Dún Gor. Ó Dhún Fáil a thug siad leo an Lia Fáil. Sin í an liag a ligfeadh gáir ach a leagfadh ábhar rí a dheasláimh uirthi. Is i dTeamhair atá sí ó shin. Ó Dhún Fionn a thug siad leo claíomh Nuadhad. Níor tháinig an namhaid slán uaidh riamh san áit ar nochtadh é. Ó Dhún na Mara a thug siad leo coire mór an Daghda. Sin coire a choinníodh bia leis na céadta, agus ní raibh airneán ná oireachtas ann riamh nach bhfuair an chuideachta a sáith le hithe agus le caitheamh ann. Ó Dhún Gor a thug siad leo an tsleá a bhí ag Lugh. Níorbh fhéidir cath a bhriseadh ar an té a mbeadh sí ina sheilbh aige. Sin í an tsleá a bhí ar iarraidh tráth. Sin í an tsleá a thug Clann Tuireann slán. Sin í an tsleá a bhain an nimh as súil Bhalair.

Chuaigh iomrá Thuatha Dé Danann ar fud na cruinne ar fheabhas a gcuid draíochta agus ar éirim a gcuid duan. Agus nuair is amhlaidh a bhí, tháinig an fonn farraige is fionnachtan orthu, agus is í an chomhairle a chuir an Daghda orthu ná cabhlach a thiomsú agus aghaidh a thabhairt ar Éirinn agus críochghabháil a dhéanamh san oileán sin san áit a raibh drúcht ar an mil agus bradán san eas aolgheal álainn.

Bliain agus lá dóibh ag tiomsú an chabhlaigh sin, agus nuair a bhí trí chéad long ar aon láthair acu, lean

siad a gcuid draoithe agus thug siad an mhuir is an bhóchna mhór orthu féin. Trí bliana is trí oíche faoi sheol dóibh gur tháinig siad i dtír i gCorca Bealgatan i gConnachta lena ráitear Conamara inniu. Agus is é Nuadha mac Eachtaigh a bhi ina rí ar Thuatha Dé Danann ar theacht dóibh go tír chuanmhar chrannach na hÉireann. Lá Bealtaine is ea a tháinig siad i dtír.

Ní túisce a tháinig Tuatha Dé Danann chun cladaigh i gCorca Bhealgatan i gConnachta ach loisc siad a gcuid long is a gcuid leabharbharc ionas nach raibh imeacht ná éalú as Éirinn i ndán dóibh arís. Gach seas, gach clár agus gach crann seoil, loisc siad ar fad iad ionas nach raibh i ndán dóibh ach cónaí is ceartlonnú ar an oileán iathghlas úr. Agus d'éirigh na dubhnéalta deataigh os cionn na long sin de réir mar a bhí an tine á deargadh go santach. Agus facthas an toit agus an deatach sin seacht léig agus dhá scór ó láthair san áit a raibh dún is daingean ag maithe na bhFear Bolg. Agus dar leo gur cheo diabhaltach a bhí sa deatach mór sin, agus san urú gréine sin, agus bhí smál ar an ré agus ar réalta na firmininte go ceann trí oíche i ndiaidh na dtinte sin. Agus nuair a bhí a gcuid long dóite díothaithe ag Tuatha Dé Danann, thug siad aghaidh soir faoin tír nó gur shroich siad an Sliabh Rua sa mBréifne in oirthear Chonnacht. Agus is sa bhfearann sin a chóirigh siad an chéad lios ó tháinig siad i dtír tar éis iomramh na dtrí bliana ar an bhfarraige mhór áibhéileach.

Ar fheiceáil an deataigh do na Fir Bolg, níor leo faillí ná filíocht a dhéanamh, ach chuir siad meitheal faire faoi rún agus faoi róchiúnas go Sliabh Rua sa mBréifne le grinnfhéachaint a dhéanamh ar Thuatha Dé Danann, ar a maith agus ar a maoin, ar a gcuid eallaigh agus ar a gcuid éadála, ar a gcuid ealaíne agus ar a gcuid acmhainní. Agus ní fada a bhí an mheitheal sin ag déanamh na grinnfhéachana nuair a thuig siad nár tháinig riamh go críocha na hÉireann slua ab áille dreach is dealbh ná iad, ná slua ab fhearr earraí is éadaigh, ná slua ba bhinne ceol is oirfideadh, ná slua ab airde éirim is aigne ná Tuatha Dé Danann. Agus ba dhiamhair leo an chóir catha agus an lón cogaidh a chonaic siad uathu sa lios úd sa mBréifne a raibh Tuatha Dé Danann i mbun críochghabhála agus forbairt fearainn ann. Thug siad an scéala sin chuig Eochaidh mac Earc, rí na bhFear Bolg. Rinne Eochaidh seal machnaimh i gcomhairle le breithiúna agus le draoithe agus le hollúna a chine féin, agus níor labhair sé ach nuair a bhí ceist an ionartha cíortha is athchíortha ag an dáil.

'Téadh Sreang mac Seangann chun agallaimh leis na heachtrannaigh seo,' ar sé. 'Níl fear sa tír is dásachtaí ná é, agus cuirfidh sé sceoin is eagla orthu ar a mhéid agus ar a urghráinne.'

Thug Sreang mac Seangann tóchar an tSléibhe Rua air féin, agus ní dhearna sé stad ná cónaí nó go raibh sé i bhfoisceacht fead iolair den lios a raibh Tuatha Dé Danann ar fuireach ann.

'Chugainn fear mór aonair,' arsa duine de lucht faire an leasa.

'Duine chun agallaimh leis agus chun idirghabhála,' arsa Nuadha mac Eachtaigh.

Chuaigh Cairbre Draoi síos amach agus beirt óglach ina theannta chun cosanta. Dhruid siad i leith an fhir mhóir go stuama sainchúiseach ionas nach raibh eatarthu ach fad urchair. Is ansin a chuaigh siad i muinín an chéad bhriathair. Agus b'ionadh le cách canúint a chéile, agus ní gan sothuiscint a rinne siad a gcion den chomhrá sin go ciallmhar cinniúnach. Agus b'ionadh le Sreanga an dá shleá a bhí ar iompar ag laochra Thuatha Dé Danann.

'Maith na hairm sin,' ar sé. 'Cá hainm dóibh?'

'Ceangal agus cuibhreach, craosach agus cathluan,' arsa Cairbre. 'Maith do chuid arm féin.'

'Más naimhdiúil, is nimhneach,' arsa Sreang.

'Cuir do sciath go leataobh,' arsa Cairbre, 'go bhfeicim do ghnúis agus do cheannaghaidh agus cumraíocht do chnámh.

Rinne Sreang amhlaidh. Bhain an triúr lán na súl as an bhFear Bolg.

'Cá háit a bhfuil lios agat féin agus ag an gcine dár díobh thú?' arsa Cairbre.

‘Bí i do thost, a allúraigh,’ arsa Sreang, ‘mar is liomsa do cheistniúsa ar an bhfód seo!’

‘Ceistnigh leat,’ arsa Cairbre.

‘Cé sibh féin, nó cá sloinne daoibh, nó céard is dúchas daoibh, nó céard is cúis bhur mbeith in Éirinn?’

‘Is sinne Tuatha Dé Danann, agus is ó thuaisceart na cruinne dúinn. Agus tháinig muid go hÉirinn le fearann a ghabháil lenár gcuid ealaíne agus ár gcuid éigse a chleachtadh.’

Lig Sreang cnead as.

‘Agus fágfaimid leath na hÉireann fúibhse,’ arsa Cairbre, ‘agus is fúinne a bheas an leath eile, agus déantar conradh is comhthuiscint eadrainn.’

‘Déanfad agallamh le mo chineál féin anocht,’ arsa Sreang go giorraisc.

‘Ceiliúraim duit go fóill,’ arsa Cairbre.

Thug na hurlabhraithe sin cúl le chéile.

Tháinig Sreang mac Seangann go cathair na bhFear Bolg le fuineadh gréine, agus d’éirigh maithe na cathrach roimhe go fiosrach forcheisteach óir is mór a bhí scéal na n-eachtrannach ag déanamh tinnis is tuirse dóibh. Agus d’fhreagair Sreang iad go tomhaiste agus go tábhachtach.

‘Is fearúil fíorghaisciúil an slua a tháinig chugainn thar toinn,’ ar sé, ‘agus is craosach colgach na hairm atá acu chun troda. Na Tuatha Dé Danann is sloinne dóibh, agus is ó thuaisceart an domhain a tháinig siad go hÉirinn. Aos dána agus ealaíne iad, agus tá an

draíocht ar a dtoil acu go mór. Géillfidh siad leath na hÉireann dúinne, má ghéillimidne a leath dóibhsean, agus molaimse géilleadh dóibh, mar ní thig linne a gcloí ná a gceangal le neart ár lamh ná le feabhas ár ngaisce.'

Bíodh sin amhlaidh, ní géilleadh ná gannmhisneach ach gleo catha agus gníomh géardhíbheartha ab fhearr le hEochaidh mac Earc agus le líon mór d'uaisle na bhFear Bolg.

'Ní dóibh a ghéillfear ná d'aon aicme bheo,' ar siad.

Maidir le Cairbre agus an bheirt laochra a bhí ina theannta, d'fhill siadsan ar lios an tSléibhe Rua, agus d'fhiafraigh Tuatha Dé Danann díobh cén mianach a bhí sa bhfathach a ndeachaigh siad chun agallaimh leis, nó cén tuairisc a bhí le tabhairt ar a chuid urlabhra agus ar a chuid arm, a chuid ealaíne agus a chuid éirime. Agus d'inis Cairbre dóibh gur uathmhar oilbhéasach an chuma a bhí ar Shreang na bhFear Bolg, agus gur naimhdiúil nimhneach a chuid arm, agus gur gharbh a bhéas agus a bhriathar, agus má b'amhlaidh a mhuintir agus má ba líonmhar dóibh gur mhór an chontúirt agus an chúis eagla do Thuatha Dé Danann iad. Agus ós amhlaidh a bhí, is í an chomhairle ab fhearr dar leo, gan moill a dhéanamh